Oifig an Ombudsman

Beartas Soláthair

Bealtaine 2021

Cúlra

Is príomchuid de Chlár an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí é soláthar agus is cuid shuntasach den chaiteachas foriomlán é. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach go bhfeidhmíonn an tSeirbhís Phoiblí ar bhealach comhordaithe agus éifeachtúil agus go sábhálann sí airgead ar mhaithe le cáiníocóirí go hinbhuanaithe.

Leanann an Oifig um Sholáthar Rialtais agus a comhpháirtithe san earnáil de chreatchomhaontuithe agus conarthaí a chur i bhfeidhm trína mbeidh comhlachtaí earnála poiblí, Oifig an Ombudsman san áireamh, in ann earraí agus seirbhísí a cheannach.

Clúdaíonn an doiciméad seo gach réimse de chaiteachas neamhphá faoi Vóta an Ombudsman, lena n-áirítear Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Chomhshaoil, an Rúnaíocht don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann nósanna imeachta soláthair na hOifige le caiteachas an Choimisiúin Reifrinn freisin.

Beartas Soláthair

Tugtar faoi sholáthar in Oifig an Ombudsman de réir na dtreoirlínte náisiúnta. Cuireann na treoirlínte seo deachleachtas agus comhsheasmhacht chun cinn maidir le rialacha soláthair phoiblí a bhaineann le ceannach earraí agus seirbhísí a chur i bhfeidhm.
https://ogp.gov.ie/public-procurement-guidelines-for-goods-and-services/

- Baineann na tairseacha seo a leanas (VAT as an áireamh) leis an mbeartas soláthair maidir le ceannach earraí agus seirbhísí san Oifig:
  - €1,000 to €4,999 - ba cheart go mbronnfaí iad bunaithe ar fhreagairtí a fhaightear ar shonraíochtaí a sheoltar sa phost, ar ríomhphost, ar an bhfón nó ar líne go trí sholáthraí ar a laghad.
  - €5,000 to €24,999 - ba cheart go mbronnfaí iad bunaithe ar fhreagairtí a fhaightear ar shonraíochtaí a sheoltar sa phost nó ar ríomhphost chuig 5 sholáthraí go 8 soláthraí.

- €25,000 - €139,000 - próiseas foirmiúil soláthair ar eTenders i gcomhréir le Treoirlínte maidir le Soláthar Poiblí a úsáid chun earraí nó seirbhísí a cheannach ar chostas os cionn an mhéid sin.
- €139,000 and above – Ní mór an comórtas a fhógairt ar OJEU tríd an suíomh gréasáin eTenders.

Creata – Leanann an Oifig um Sholáthar Rialtais agus a comhpháirtithe Sláinte, Cosanta, Rialtais Áitiúil agus Oideachais de chreatchomhaontuithe agus conarthaí a chur ar bun agus úsáideann an Oifig iad a mhéid is féidir. Sa chás nach bhfuil socruithe den chineál sin ar fáil, déanann an Oifig dianiarracht a chinntiú go gcloíonn a próisis tairisceana féin le treoirlínte maidir le soláthar poiblí. Tá os cionn 120 creatchomhaontú gníomhach ag an Oifige um Sholáthar Rialtais.

eTenders - Forbraíodh www.eTenders.gov.ie mar chuid de Straitéis Rialtas na hÉireann chun ríomh-Sholáthar a Chur i bhFeidhm san Earnáil Phoiblí in Éirinn. Tá an suíomh deartha mar shaoráid lárnach do gach údarás san earnáil phoiblí a dhéanann conarthaí chun deiseanna soláthair agus fógraí bronnta a fhógairt. Fógraíonn Oifig an Ombudsman próisis soláthair ar eTenders i gcomhréir leis na tairseacha a leagtar amach thuas.

Íocaíochtaí

De réir chinneadh an Rialtais in 2009, ba cheart dár nOifig a soláthraithe a íoc taobh istigh de 15 lá ó shonrasc bailí a fháil (i.e. ní mór don íocaíocht dul isteach i mbanc an tsoláthraí roimh an 15ú lá nó ar an lá sin). Cuirfear tús leis an tréimhse 15 lá ar an lá a bhfaigheann an Oifig sonrasc bailí ag an seoladh cuí.

Tabhófar Ús ar Íocaíocht Dhéanach i leith aon íocaíochtaí a dhéantar i ndiaidh 30 lá tar éis an sonrasc a fháil, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.